

Measa do thagrais, a Thaidhg

[McKenna, L. *Iomarbhágh na bhFileadh* (Irish Texts Society, vols 20, 21, 1918); no. 15]

Aodh Ó Domhnaill .cct.

1 Measa do thagrais a Thaidhg
má do fhéachais gach aon aird
ioná Torna an dána dil
oide Néill is Coirc Caisil.

2 Mairg dhuit 's gurab dhuit a mhairg
do nuaidh th'iomarbháidh a Thaidhg
idir do leith Mogha a-muigh
's an leath-sa Chuinn Chéad-chathaigh.

3 Ní fiú a gcuid d'Éirinn a-nois
maicne Mhíleadh Mhoighe Rois
iad féin fá chéile do chur
córa dháibh síoth do shnadmhadh.

4 Ós í sin do b'inntinn daoibh
a Thaidhg Mhic Dáire go n-aoibh
go bhfaghthá freagra nár thais
truagh nach na thráth do thagrais.

5 Do bhí re sé bliadhna déag
do dhán id chionn dá choiméad
níor léig eagla síl gCuinn cháidh
dhuit-se d'éin-neach a admháil.

6 Nó gur díbreadh tar sáil soir
sliocht lughoine 's Tuathail ghloin
's gur éagsad thoir im a seach
do dhán níor admhais d'éin-neach.

7 Tú it aon i n-aghaidh pobuil
nár dhaoibh féin a ndearnabhair
ní headh a-mháin mór a meath
tú it aon i n-aghaidh puibleach.

8 Ní thiocfadh d'éigsibh Banbha
ná d'fheabhus a n-ealadhna
dá ndeachaidh dhíobh 's dá bhfuil beo
leabhair na hÉireann d'aithcheo.

9 Do shaoil mé gur léigheadh libh
Gabháltais Dinnsheanchas dil

leabhair irse Innse hAirt
Bruighne Toghla 's Tochmhairc.

10 Leabhar Ard-mhacha go mbuaidh
's ar sgríobh Brógán theas is thuaidh
mairg dhuit nár léigh na am
's ar sgríobh Colum is Comhghall.

11 Screaptra Innse Cathaigh cóir
cóip Ciaráin i gCluain Mic Nóis
leabhar Mochuda an chluímh thais
mairg nár léigh sul do labhrais.

12 Do b'anta ris an taoibh thuaidh
ar bhreith psaltrach Chaisil chruaidh
idir gach druing don dheagh-fhóir
d'fhuil Éibhir is Éireamhóin.

13 Truagh nár léighis na sgreaptra
do sgríobh lámh Chaimín Cealtra
leabhar Glinn Dá Locha thall
's leabhar Tuama Dá Ghualann.

14 Má do rugsad breith le báidh
ollamhain Éireann d'éan-láimh
dearbh nach rugsad naoimh a-nall
idir chách acht breith comhthrom.

15 Do shaoil cách gurbh eolach cóir
tusa ar maicne Mílidh mhóir
gur chum sibh an seanchas cam
ughdar gach neach go labhrann.

16 Ní buidheach dhíot-sa síol gCuinn
diomdhach síol nOilioll Óluim
ní barr measa don taoibh theas
a gclos uaibh-se dot aighneas.

17 Roi-bhinn ris an dtaoibh-se thuaidh
a Thaidhg gach a gcluainid uaibh
dearbh leo go gclaoifidhthear sibh
ó dhreim éigin dá n-éigsibh.

18 Caithfead féin mo gha ribh-se
go gcead da bhar n-éigse-se
dá ndeach fa lár níor ghnáth soin
trasgraim laoch ionn gach iorghail.

19 Truagh nach ar an nga do chleacht mé

gé tú-sa i n-earr m'aoise
réd rogha Muimhneach ón Máigh
a Thaidhg tharla ar n-iomarbháidh.

20 Do bhiadh a cheann leam-sa im láimh
sul do féadfaidhe ar n-eadráin
is crú a chroidhe ar mo ghlas
dialladh duine re dhúthchas.

21 Do bhéaruinn an diach thug Conn
ar Eoghan Mór um an bhfonn
nó an diach fuair Conmhaol cain
ó Thighearnmhas mac Follaigh.

22 Nó an díol do rad Írial Fáidh
ar cheathrar mac Éibhir áin
nó an díol do rad fós an fear
Éireamhón ard ar Éibhear.

23 D'lughoine mhear mheanmnach mhór
sinnsear saidhbhir na sár-shlógh
do mhionnuigh síol Éibhir Fhinn
gan cur ré chloinn um Éirinn.

24 Cia do chloinn lughoine a-nuas
fuasgail dhamh an cheisd gan chruas
dár ghabh Teamhair na dtreas dte
acht sáith d'lughoine d'oighre.

25 Mar ráthaibh ar a gconradh
gach aon dúil bhuí gá bhfoghnamh
éasgair grian gan dol dé
muir is tír tuile is aithbhe.

26 Do shíol lughoine as bhuan bladh
ríoghradh uaisle na hAlban
le Séamus aníú ma le
Sacsá Alba agus Éire.

27 Dá shíol fós i nÉirinn uill
Osraidhe Laighin Leath Chuinn
Dál bhFiatach Dál Riada a-le
Baisgne Músgraidhe Déise.

28 Dá n-andaois i mbun a ngaoil
síol Laoghaire is Cobhthaigh Chaoil
do bhiadh gá sliocht go bráth mbinn
iomáin éin-leithe ar Éirinn.

29 Do ghabhsad Laighnigh do láimh
cosg na Muimhneach mear ón Máigh
dá bhfaghdaois uatha gá dtoigh
síoth ó shíol Tuathail Teachtmhair.

30 Díobh atáid cinn-litre ceall
is ur-mhór ard-naomh Éireann
's is díobh aníú 's an-allan
sgoth éigeas is ollamhan.

31 Leath Chuinn is Leath Mhogha mhais
do shaoileadh lucht an eolais
gur comhthrom an roinn-se a-le
gur labhrais a Mhic Dáire.

32 Ní cian do fhan síol gCuinn gcáidh
ar an roinn-se d'Inis Fáil
dá ngoirthear Leith Mogha a-muigh
's an leath-sa Chuinn Chéad-chathaigh.

33 Gearr iar sin ar Maigh Léana
do shlán a Thaidhg a shéana
gur bhean Conn d'Eoghan gan fheill
a cheann is a chuid d'Éirinn.

34 Um thráthnóna rias an gcath
do chroch Eoghan ard éachtach
teachta Chuinn ar dteacht dá thoigh
dhá mhac Criomhthainn a Cruachain.

35 Nár dhuit a rádh dá éis sin
nach raibhe codhnach Caisil
ar a choimhead ar Chonn chóir
d'éis a ndearna air d'éagcóir.

36 Mó bhar dtáinsiomh ar chloinn Chuinn
mar as léir id laoidh leathtroim
ioná ar aondreim don deagh-fhóir
d'aicme oile Éireamhóin.

37 Do bhearúinn comhairle chóir
dá mair do Leith Mhogha mhóir
más tú file as fearr dá ndáimh
do chosg feasda d'iomarbháidh.

38 Muna ndearna siad-san sin
ná bíodh orúinn ag aithbhir
éigse shíl Chuinn na gcuradh
fa bhar mbréig do bhréagnughadh.

39 Lughaidh a dtuaidh Torna a ndeas
bíodh nach raibh orra aincheas
dias as laige do labhair
don Leith-se Chuinn chomhramhaigh.

40 Ar labhair Lughaidh go tais
tug air ní deasbaidh eolais
acht báidh re Leith Mhogha a-muigh
bean don Mhumhain a mháthair.

41 Gidh í máthair m'athar féin
inghean í Bhriain fa maith méin
san chúis nár tagradh riamh róibh
uaibh ní éisdfinn an éagcóir.

42 Cia dhíobh ba fearr i ngach dáil
ar dTuathal do theacht Éire
iná Corb Ólum gan ceilt
's gur chomh-aois iad na ndíbeirt.

43 Caidhe do Thuathal Teachtmhar
ar dtilleadh dhó dá eachtra
ceannas Éireann ar gach leith
do ghabh le beagán buidhne.

44 Do naisg Tuathal 's do shealbhaigh
ar uaislibh Banbha i dTeamhraigh
gan cur ré chloinn go bráth mbinn
oiread bhías muir um Éirinn.

45 Tuingsead uile dá éis sin
don rígh-se d'aitheasg éin-fhir
diamdaois coimh-neart síol na bhfear
nabdaois coimh-cheart ré chloinn-sean.

46 Níorbh ionann i leabhraibh sin
teisd ríoghradh sleachta Éibhir
is teisd na bhfear nár dhearóil
ríoghradh shleachta Éireamhóin.

47 Ré linn ba soinnmheach síona
d'eighreacht ré linn dá shíola
ioth is bliocht iasg agus meas
do bhíodh do ghnáth na bhflaitheas.

48 Caidhe do Chonaire ar threoir
deagh-mhac áluinn Eidirsgeoil
samhail a fhilatha léigh dhamh

i-muigh id ríoghraidh Mhumhan.

49 Freagair dhamh gan taom tnúdha
caidhe do Chonn mac Úna
re n-a linn níorbh bheag an rath
tug talamh toradh céadach.

50 Cia do bhéaradh geall Cormaic
do shliocht Gaoidhil ghlan-ordhairc
gé do thógbhais air mar oil
a chur fa ghabhail d'Fiachaidh.

51 Minic do léigh tusa féin
a mac Airt an airm aithghéir
lón a theaghlaigh thall na thigh
caoga ar mhíle do mhiltibh.

52 Do b'iomdha mac ríogh go rath
bhádar n-a ré ar a theallach
d'Éirinn is tar muir a-noir
do b'ímheasda rét Fhiachaidh

53 Cormac ba cunnail a mhaith
ba saoi ba file ba flaith
Ba fír-bhreitheamh fear bhféine
ba cara ba coigcéile.

54 Cormac ro chlaoi caogaid cath
ro shíolaigh saltair Teamhrach
's ní fhuil sa saltair go rath
gur bhris t'Fhiachaidh-se aon-chath.

55 Dar liom féin níor chumtha dhuibh
draoidheacht an tsean-druadh Mogh Ruith
i nDruim Damhghaire na ndamh
's nach raibh annsin acht siabhradh.

56 Cá háit don taoibh thiar
do Niall Naoi-ghiallach mar Niall
dá dtug ó Mhuir nlocht a-noir
géill gach tíre go Teamhraigh.

57 Faghann leat samhail do Bhrian
mac Eachach Mhuigh-mheadhóin thiar
ór shíolsad i bhfus gan acht
na teora caomha Connacht.

58 Caidhe do Dháithí-se a Thaidhg
do chuaidh go Sliabh nEalpa n-aird

dar briseadh leis caoga cath
mar Dháithí mhór mac Fiachrach.

59 Nó Fiachra athair Dhái-Thí
dár bh ua Oilill Molt an rí
cáit i bhfuil leat a dheigh-fhir
samhail Ghuaire an ghairm-einigh.

60 Caidhe do Chonall mac Néill
nó Eoghan an airm aithghéir
is a sliocht sin maith a méid
fagham agat a leithéid.

61 Caidhe do chlann Cholmáin chaoin
nó do shliocht Aodh Sláine shaoir
deacair a gcaithréim do cheilt
clanna Néill dána an deigh-cheirt.

62 Caidhe do thrí Colla chruaidh
lé mbearthaoi ann ngach bearnaidh buaidh
nó comhmaith a sleachta soin
idir Éirinn is Albain.

63 Caidhe do Niall Frosach féigh
fuair ó Dhia ar a dheigh-réir
fras airgid is fras do mhil
is fras do chruithneacht chaoimh-ghil.

64 Caidhe bhar nAongus amhra
mac maith an Charraigh chalma
nó Maoil-sheachluinn re díl dámh
nó mac Dálaigh Éighneachán.

65 A haon is trí fichid rígh
ria gcreideamh ós Éireann dín
beag re ríomh na bhfochair soin
mairg do mhaidh do sheacht gceathrair.

66 Sé rígh 's dá fhichid ríogh réil
ós Éirinn do dheigh-shleacht Néill
ó theacht an Táilghinn tar tuinn
gus an bhfíor-fhlaith Maoil-sheachluinn.

67 Níor ghabh rí d'éis chreidimh chóir
d'fhuil Ír Éibhir Éireamhóin
acht fuil Néill is Oilill Molt
's do Bhrian-sa le ro-chumhacht.

68 Is tearc má do sloinneadh riamh

an tír-se iona bhfuineann grian
mar shloinntear múr an mhíodh-óil
ó ríoghraidh shíl Éireamhóin.

69 Goirthear Teach Tuathail d'Éirinn
Cró Chuinn is Fonn finn-Fhéidhlim
Iath Iughoine is Achadh Airt
Críoch Chobhthaigh is Clár Cormaic.

70 Corradh mór ar thrí mhíle
ríomhtar tria réim inrímhe
ó theacht mac Míleadh a-noir
dár ghabhsad Éirinn iubhraigh.

71 Re dtionnsgnamh teampuill Sholmha
canaim ribh ráidh gan dolbhadh
tháinig clann Míleadh tar muir
an treas aois d'aosaibh domhain!

72 Do bhí urláimh na Banbha
ag cloinn Míleadh mhór-chalma
ó shin gan roinn re ruire
go haimsir Briain Bóruimhe.

73 Ceithre fichid ceithre céad
do bhliadhnaibh ní hiomarbhréag
ó dhíbeirt síl Mhogha a-muigh
romhainn síol gCuinn Chéad-chathaigh.

74 An tan do b'aois do Chríost cheart
sé céad míle agus seacht
do díbreadh síol gCuinn tar muir
's do beanadh dhíobh a nduthaigh.

75 Céad urdail a ndubhairt mé
a-déarainn daoibh an uair-se
acht nach roich i n-aoinfheacht uaim
a bhfaisnéis uile i n-aon-uair.

76 Dá gcluintear aon fhocal uaibh
dod bhréagaibh don taoibh-se thuaidh
cluinfidhear d'fhírinne theas
céad oiread gach ar áirmheas. MEASA DO.